

### **Donnchadh Mac Fhionnlaoidh – Aire Stáit na Gaeltachta**

Bhuel ar dtúis sílim go bhfuil ról ana-tábhachtach ag an Choimisinéir Teanga. An chéad rud atá le déanamh aige ná cinntiú go bhfuil forálacha an Acht Teanga 2003 á chur i bhfeidhm ag comhlachtaí poiblí agus ag comhlachtaí Stáit agus is dóigh go bhféadfá a rá go bhfuil ról comhairleach aige chomh maith, go mbeidh sé sin chun comhairle a chur ar eagraíochtaí, ar Ranna Stáit, ar oifigí Stáit maidir le cur chun cinn na teanga.

### **Rónán Ó Domhnaill – An Coimisinéir Teanga**

Bhuel, is dóigh an dúshlán is mó atá roimh an Choimisinéir Teanga, aon Choimisinéir Teanga i ndáiríre ná cosaint a dhéanamh ar chearta teanga atá ag daoine, cearta atá acu ó thaobh an Ghaeilge a úsáid leis an státchóras, cosaint a dhéanamh ar Acht na dTeangacha Oifigiúla atá ann ó 2003, Acht a thugann cosaint do mhuintir na Gaeilge, lucht labhartha na Gaeilge taobh istigh agus taobh amuigh don Ghaeltacht, maidir le seirbhísí a fháil thrí Ghaeilge leis an státchóras. Tá dul chun cinn déanta le deich mbliain anuas, níl aon dabht faoi sin, ó thaobh comharthaíocht agus fógraíocht agus mar sin de ach sin ráite, is léir go mbíonn go leor deacrachtaí fós ag daoine a gcuid gnó a dhéanamh trí Ghaeilge le Ranna Rialtais agus le Ranna Stáit agus le comhlachtaí poiblí agus mar sin di. Faigheann muide thart ar seacht gcéad casaoid nó gearáin in aghaidh na bliana agus an dúshlán agus an jab atá roimh an Choimisinéara Teanga, is dóigh, ná déileáil leis na casaoid sin agus is dóigh dúshlán eile is dóigh agus cuid eile den phost ná dul i ngleic leis an státchóras, más féidir sin a dhéanamh agus a cur ina luí ar chomhlachtaí poiblí go bhfuil Acht na dTeangacha Oifigiúla ann, go bhfuil mise ann mar Choimisinéir Teanga agus go bhfuil cearta teanga ag daoine agus nach bhfuil siad ag lorg aon rud speisialta, nach bhfuil daoine ag lorg aon rud as an gnáthach ach go bhfuil siad ag lorg na cearta atá dlite dhóibh de réir na reachtaíochta agus sin an jab is mó atá romham mar Choimisinéir Teanga.

An phríomhchúis is dóigh gur ghlac mé leis an bpost ná gur, is as an Gaeltacht mé fhéin, tuigimse ó bhí mise óg na deacrachtaí a bhaineann leis an Ghaeilge a labhairt leis an státchóras, tuigimse an tionchar a bhíonn aige ar ghasúir, má labhraíonn tú an Ghaeilge sa mbaile agus ansin nuair a théann tú ag déileáil leis an státchóras go minic go mbíonn ort iompú ar an mBéarla agus cruthaíonn sé sin deacrachtaí do dhaoine.

Ina theannta sin, léirigh staidéar teangeolaíoch ar úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht, a foilsíodh thart ar seacht mbliain ó shin anois, go raibh, nach raibh ach scór bliain fágtha ag an nGaeilge a bheith in uachtar mar theanga phobal sa Ghaeltacht, mura ndéanfar athruithe radacacha. So, sílim go bhfuil práinn faoi leith ag baint leis an gceist seo maidir leis an Ghaeilge a choinneáil beo mar theanga phobail. Sílim go bhfuil cath ar siúl i ndáiríre an Ghaeilge a choinneáil mar theanga phobal sa Ghaeltacht agus go mbeadh sé níos forleathan taobh amuigh den Ghaeltacht freisin agus sin an chúis is dóigh gur shocraigh mé glacadh leis an bpost, go raibh deis agamsa mo chuid a dhéanamh ar son na teanga agus sin atá i gceist agam a dhéanamh sa sé bliana amach romham mar Choimisinéir Teanga.